Tá breis is 500 comhlacht poiblí forordaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú. Is próiseas leanúnach, fadtéarmach é monatóireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí forordaithe, próiseas a ídionn acmhainn. I measc na gcomhlachtaí poiblí forordaithe tá eagraíochtaí móra a sholáthraíonn seirbhísí fairsinge poiblí, amhail ranna rialtais, údaráis áitiúla agus institiúidí oideachais. Úsáideann go leor comhlachtaí poiblí fógraíocht chun an pobal a chur ar an eolas faoi na seirbhísí a bhfuil sainordú acu a sheachadadh thar ceann an stáit. Tá punann tráchtála suntasach ag cohórt níos lú comhlachtaí poiblí, mar thoradh ar na seirbhísí fónais nó airgeadais náisiúnta a sholáthraíonn siad don phobal. Dá réir sin, is iad na comhlachtaí poiblí sin a chaitheann an céatadán is airde ar fhógraíocht chun an pobal a chur ar an eolas agus a mhealladh. Ós rud é nach bhfuil aon fheidhm pobaldírithé ag roinnt comhlachtaí poiblí, ní gá dóibh fógraíocht a dhéanamh sa réimse poiblí.

An tSamhail Tomhais Géilliúlachta

Is éard atá sna meáin agus sna critéir tomhais a leagtar amach i dTábla 2 thíos an tsamhail tomhais géilliúlachta a chuir OCT i bhfeidhm d'alt 10A. Forbraíodh an tsamhail sin tar éis comhairliúcháin nach beag le geallsealbhóirí éagsúla san earnáil, ina measc comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí ionadaíocha fógraíochta. Dá bhrí sin, leagadh amach an tsamhail tomhais géilliúlachta ionas go mbeadh sí ag teacht le cleachtais reatha na gcomhlachtaí poiblí agus na hearnála fógraíochta araon. In 2024, rinneamar leasuithe cúramacha ar an tsamhail chun an próiseas tomhais géilliúlachta a dhaingniú, rud a thacaíonn le comhlachtaí poiblí i mbailiú éifeachtach sonraí géilliúlachta i gcomhréir lena gcleachtais eagraíochtúla.

Tábla 1

Tomhas 20%	Tomhas	Cur Síos
Meán	Sainmhíniú	Mionsonraí
Físeán ar Éileamh (VOD)	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de na himprisin a cruthaíodh	Cruthaítear imprisean nuair a thaispeántar fógraí nó cineálacha eile meán digiteach ar scáileán úsáideora
Lasmuigh den Bhaile (OOH)	% na suíomhanna a úsáidtear i mbliain	% an líon iomlán suíomhanna póstaer a chuirtear in áirithe le haghaidh feachtais
Fuaim	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de na himprisin a cruthaíodh	Fuaim dhigiteach de réir % líon iomlán na n-imprisean a cruthaíodh
Cló – preas/iris	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % den chúrsaíocht (i gcás nach bhfuil ABC ar fáil)	Rianaíonn Audit Bureau Circulation cúrsaíocht na mórtheideal
Na Meáin Shóisialta	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de na himprisin a cruthaíodh	Cruthaítear imprisean nuair a thaispeántar fógraí nó cineálacha eile meán digiteach ar scáileán úsáideora
Pictiúrlann	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de na ceadanna isteach	% de na ceadanna isteach sa phictiúrlann nó cuairteanna ar phictiúrlanna
Raidió	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % den lucht éisteachta NÓ % de na Rátálacha bliantúla iomlána	% den mheánlucht éisteachta san iomlán (líon na ndaoine a éistean le stáisiún raidió ar leith)
Fógraíocht Digití Taispeána	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de na himprisin a cruthaíodh	Cruthaítear imprisean nuair a thaispeántar fógraí nó cineálacha eile meán digiteach ar scáileán úsáideora
Teilifís	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de TVR san iomlán	Pointí Rátála Teilifíse (Nielsen Ad Intel)

Bhí sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí faisnéis a sholáthar faoina gcaiteachas, faoi na meán a d'úsáid siad, agus faoi fheachtais fógraíochta sonracha a sheol siad le linn 2024. Chuir an fhaisnéis sin ar chumas OCT gníomhaíochtaí fógraíochta na gcomhlachtaí poiblí sin a chur i gcomparáid le sonraí iontaofa ar chaiteachas agus ar úsáid na meán. Ina theannta sin, lorg OCT ábhair chruthaitheacha, amhail ábhar bolscaireachta ó fheachtais ar fud na meán éagsúil, ó chomhlachtaí poiblí ag a raibh caiteachas fógraíochta ní b'airde.

Éilíodh ar chomhlachtaí poiblí sonraí a chur isteach maidir lena ngníomhaíochtaí fógraíochta don bhliain féilire 2024, agus úsáid á baint acu as na méadrachtaí a leagtar amach sa tsamhail tomhais géilliúlachta.

Raon Feidhme an Iniúchta

Cuireann an tuarascáil seo torthaí iniúchta i láthair a rinneadh ar ghníomhaíochtaí fógraíochta 397 comhlacht poiblí sa bhliain 2024. Rinne comhlachtaí

poiblí féintuairisciú ar a ngníomhaíochtaí fógraíochta ar thairseach ar líne a chuimsigh an tsamhail tomhais géilliúlachta dár tagraíodh roimhe seo. Tá OCT tar éis na sonraí a sholáthair na comhlachtaí poiblí a chros-seiceáil le sonraí fógraíochta Nielsen Ad Intel chun cruinneas cáilíochta sonraí a chinntiú. Chuimsigh an t-iniúchadh 98% de ghníomhaíochtaí fógraíochta comhlachtaí poiblí i rith 2024.

Catagóiriú na gComhlachtaí Poiblí

Rinneadh comhlachtaí poiblí a chatagóiriú ina dtrí ghrúpa ar leith bunaithe ar a dtairseach caiteachais ar fhógraíocht, mar a mhionsonraítear i dTábla 2 thíos. Tá dhá phríomhchuspóir leis an rangú sin: ar an gcéad dul síos, is féidir comparáidí a dhéanamh idir comhlachtaí poiblí a bhfuil buiséid fógraíochta den chineál céanna acu, agus ar an dara dul síos, éascaíonn sé iniúchadh ar threochtaí géilliúlachta. Léiríonn Tábla 2 freisin líon na gcomhlachtaí poiblí atá sa chatagóir áirithe de réir tairseach caiteachais.

Tábla 2

Catagóir	Caiteachas ar Fhógraíocht	Líon Comhlachtaí Poiblí
Catagóir A	≥ €750,000	25
Catagóir B	€250,000 - €749,000	46
Catagóir C	< €250,000	326
Iomlán		397

3. TREOCHTAÍ AGUS LÉARGAIS

An Earnáil Fógraíochta in Éirinn


Meastar go mbainfidh an caiteachas iomlán ar fhógraíocht ar fud na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí in Éirinn €1.5 billiún amach in 2024. Is ionann fógraíocht san earnáil phoiblí a tuairiscíodh do OCT don bhliain sin agus €93.4m, arb ionann é agus 6.2% den chaiteachas iomlán ar fhógraíocht. In ainneoin gur tháinig fás ar earnáil na fógraíochta trí chéile, tháinig laghdú 4% ar chaiteachas na gcomhlachtaí poiblí ar fhógraíocht in 2024 i gcomparáid le 2023, ó €97.3 go €93.4. Ba é ba bhun leis an laghdú sin deireadh a theacht le feachtais fógraíochta a bhain le COVID-19 a rinne comhlachtaí poiblí áirithe roimhe sin.

Thuiriscigh an chuideachta cumarsáide margaíochta Core gur tháinig fás suntasach 7.7% ar mhargadh na meán in Éirinn, arbh fhiú €1,590.0 milliún in 2024 é. Is é is cúis leis an treocht sin, de réir Core, dul chun cinn sna meáin ar líne, go háirithe i réimsí na Físe, na Meán Sóisialta, agus na Fuaimne Digití. Ina theannta sin, tá na meáin lasmuigh den bhaile (OOH) tar éis leibhéil réamh-phaindeime a shárú, agus tá spórt beo tar éis cuidiú go mór le hioncam teilifíse a mhéadú. Tá fás comhsheasmhach i gcomhréir le blianta roimhe seo le feiceáil i margaíocht raidió, agus tá dúshlán na meán clóite á thabhairt i gcónaí.

Cairt A

Caiteachas Comhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht i mBéarla agus i nGaeilge 2024

	Caiteachas	Céatadán
Caiteachas ar Fhógraíocht i mBéarla	€74.5m	79.8%
Caiteachas ar Fhógraíocht i nGaeilge (seachas na Meáin Ghaeilge)	€13.7m	14.7%
Caiteachas ar Fhógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	€5.2m	5.5%



Príomhthorthaí agus Treochtaí


A. Caiteachas Comhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht tríd is tríd

Léiríonn Cairt A caiteachas comhlachtaí poiblí ar fhógraíocht i mBéarla agus i nGaeilge in 2024.

Léiríonn na torthaí a thuiriscigh comhlachtaí poiblí na díola spéise seo a leanas:

- chaith comhlachtaí poiblí €93.4m san iomlán ar fhógraíocht in 2024
- thuiriscigh comhlachtaí poiblí gur chaith siad um €19m ar fhógraíocht i nGaeilge ar gach meán (Béarla & Gaeilge)
 - ar caitheadh €5.2m de sin ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge
 - agus ar caitheadh €13.7m de ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin Bhéarla
- chaith comhlachtaí poiblí €74.5m ar fhógraíocht i mBéarla ar mheáin dhifriúla in 2024.

Caiteachas Comhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht 2024 vs 2023



Ina ainneoin sin, tá laghdú (5%) ó €97m go €93.4m tar éis teacht ar chaiteachas comhlachtaí poiblí san iomlán ar fhógraíocht.

Is díol suntais é an méadú a tháinig ar an gcaiteachas ar fhógraíocht i nGaeilge, dár réir.

Measadh go raibh torthaí 2023 an-dearfach sa mhéid is gur tháinig an fhoráil reachtaíochta nua i bhfeidhm gan mórán de dheis ullmhúcháin chuici. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don obair mhór a rinne go leor comhlachtaí poiblí agus iad meáite ar an reachtaíocht a chomhlíonadh. Mar a luadh roimhe seo, is díol suntais é gur caitheadh beagnach €19m ar fhógraíocht i nGaeilge in 2024, arbh ionann é sin agus breis is 20% den aschur fógraíochta tríd is tríd ó chomhlachtaí poiblí.

B. Géilliúlacht do Thairseacha Reachtúla

Leagann Alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 arna leasú, dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí cuid shuntasach dá bhfógraíocht a dhéanamh i nGaeilge.

Forordaítear in Alt 10A go gcaithfidh comhlachtaí poiblí a chinntiú:

- gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d’aon fhógraíocht a dhéanann siad in aon bhliain, agus

- go ndéanfaidh siad 5 faoin gcéad ar a laghad d’aon airgead a chaitheann siad ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a chur amach i nGaeilge ar na meáin Ghaeilge

Léiríonn na leibhéil ghéilliúlachta i measc na 397 comhlacht poiblí a ndearnadh iniúchadh orthu i ndáil leis an dá thairseach reachtúla a leagtar amach in alt 10A dul chun cinn.


Léiríonn na torthaí a thairseach comhlachtaí poiblí do 2024 géilleadh 20.4% agus 5.4% tríd is tríd do na tairseacha reachtúla 20% agus 5% faoi seach a leagtar amach in alt 10A. Is ionann na torthaí seo agus méadú suntasach i gcomparáid le sonraí 2023, rud a léirigh an tráth sin gur bhain comhlachtaí poiblí 11% den 20% d’aschur fógraíochta i nGaeilge agus 4% den 5% den chaiteachas ar na meáin Ghaeilge amach do 2024 i gcomparáid le 3% den 5% do 2023.

Léiríonn Cairt B na leibhéil ghéilliúlachta a baineadh amach i measc comhlachtaí poiblí de réir catagóire (A,B,C – leibhéil chaiteachais) i ndáil leis na tairseacha 5% agus 20%. Léiríonn Cairt C an chaoi a ndéantar comparáid idir leibhéil ghéilliúlachta do 2024 agus 2023 de réir chatagóir an chomhlachta poiblí.


Cairt B

Leibhéil Ghéilliúlachta de réir Catagóirí Comhlachta Phoiblí (tairseacha forálacha fógraíochta i nGaeilge 5% agus 20%)

Leibhéil Ghéilliúlachta Chatagóirí an Chomhlachta Phoiblí



2024 vs 2023



Príomhdhíola Suntas


- Is feabhas nach beag iad na torthaí a baineadh amach in 2024 i gcomparáid le 2023, eadhon: baineadh 18.6% amach in 2024 i gcás na forála 20% i gcomparáid le 16% in 2023
- Léiríonn na sonraí i gCairt B thuas nár bhain **comhlachtaí poiblí Chatagóir A** (caiteachas ar fógraíocht \geq €750,000), ar an meán, an tairiseach reachtúil amach i gcás na forála 5% (fógraíocht ar na meáin Ghaeilge) agus na forála 20% (fógraíocht i nGaeilge ar na meáin uile).
 - I gcás Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir A, baineadh 4% amach in 2024 i gcás na forála 5% i gcomparáid le 3% in 2023.
- Is fearr a chruthaigh **comhlachtaí poiblí Chatagóir B** (caiteachas ar fhógraíocht) €250,000 - €749,000) ná comhlachtaí poiblí Chatagóir A ach a raibh siad géilliúil don dá thairseach; seo a leanas an meánchéatadán fógraíochta i measc chomhlachtaí poiblí na catagóire seo:
 - 25% i gcomparáid leis an tairseach reachtúil 20%,
 - 6.6% i gcomparáid leis an tairseach reachtúil 5%.
- Seo cothrom le méadú €0.34m a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.
- Ba iad na torthaí i measc **comhlachtaí poiblí Catagóir C** (le Caiteachas Fógraíochta < €250,000) tríd is tríd na torthaí ba dhearfaí, áfach, eadhon:
 - 29% i gcomparáid leis an tairseach reachtúil 20%,
 - 11% i gcomparáid leis an tairseach reachtúil 5%.
 - Seo cothrom le méadú €0.74m a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.

C. Miondealú ar Chaiteachas ar Fhógraíocht de réir Chatagóir na gComhlachtaí Poiblí

Cairt C

Caiteachas Comhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht san Iomlán (2023) (Fógraíocht i mBéarla agus i nGaeilge)


Caiteachas ar Fhógraíocht as Gaeilge agus as Béarla san Earnáil Phoiblí (2023)



Cairt D

Caiteachas ar Fhógraíocht i mBéarla agus i nGaeilge


	Caiteachas	Céatadán
Caiteachas ar Fhógraíocht i mBéarla	€74.5m	79.8%
Caiteachas ar Fhógraíocht i nGaeilge (gan na Meáin Ghaeilge san áireamh)	€13.7m	14.7%
Caiteachas ar Fhógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	€5.2m	5.5%




Cairt E

Meáin a úsáideann Comhlachtaí Poiblí (Fógraíocht i nGaeilge - Forálacha 20% & 5%)

	2024
Na Meáin Shóisialta	21%
Preas	20%
Taispeáint Dhigiteach	17%
Raidió	15%
Fógraíocht Lasmuigh	8%
Fuaim Dhigiteach	7%
Físeán ar Éileamh	5%
Teilifís	5%
Pictiúrlann	2%



2024 vs 2023




Is díol suntais é go léiríonn an chomparáid idir úsáid na meán in 2024 agus 2023 an treocht atá ann maidir le fógraíocht a aistriú chuig ardáin dhigiteacha, i.e. méadú 5% ar úsáid na meán sóisialta.


Cairt F

Caiteachas Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir A ar Fhógraíocht


	2024	2023
Caiteachas Iomlán	€61m	€71.60m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	€59m	€69.50m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	€2.4m	€2.10m
% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge	4%	3%



Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir A)




% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir A)




Cairt G

Caiteachas Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir B ar Fhógraíocht


	2024	2023
Caiteachas Iomlán	€20m	€14.90m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	€18.7m	€13.90m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	€1.3m	€0.96m
% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge	6.6%	6%



Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir B)




% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir B)




Cairt H

Caiteachas Chomhlachtaí Poiblí Catagóir C ar Fhógraíocht


	2024	2023
Caiteachas Iomlán	€12.2m	€10.70m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	€10.8m	€9.90m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	€1.51m	€0.80m
% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge	11.2%	7%



Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir C)



% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir C)



4. DÍOLA SUNTAIS TÁBHACHTACHA EILE

Tionchar níos Leithne Alt 10A ar Chur Chun Cinn na Gaeilge

Téann na meáin i gcion go mór ar ár saol gach lá, agus téann siad i bhfeidhm ar an gcaoi a smaoinimid, a mbraithimid agus ar ár ndearcadh ar an saol mór. Roinneann na meáin, gona n-iliomad ardán agus cainéal, lena n-áirítear nuachtáin, irisí, na meáin shóisialta, raidió, teilifís agus an t-idirlíon, faisnéis leis an bpobal. Téann siad i gcion ar gach gné dár saol, agus iad ina bhfoinsí riachtanacha nuachta, faisnéise, siamsaíochta, oideachais agus ina naisc thábhachtacha shóisialta. Feictear agus cloistear an fhógraíocht go rábach sna meáin dhifriúla uile a thagann os ár gcomhair gach lá, rud a mhúnlaíonn á roghanna agus ár samhlaíocht.

I dtréimhse réasúnta gearr, tá alt 10A tar éis infheictheacht na Gaeilge ar fud ardáin dhifriúla na meán a mhéadú, rud atá ríthábhachtach chun bisiúlacht agus úsáid laethúil na teanga a chothú. Neartaíonn fás na fógraíochta i nGaeilge cearta teanga phobal na Gaeilge. Ní mór riachtanais agus leasanna éagsúla phobal na Gaeilge a áireamh ar chearta teanga a neartú, agus is céim thábhachtach chuige sin an méadú ar fhógraíocht i nGaeilge ar ardáin éagsúla na meán.

Caighdeáin Teanga san Fhógraíocht i nGaeilge

Sular tháinig Alt 10A i bhfeidhm, d'éisigh OCT nótaí comhairleacha chuig gach comhlacht poiblí maidir le cur i bhfeidhm an ailt, comhairle inar leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le caitheamh leis an dá theanga oifigiúla go comhionann ó thaobh caighdeáin de. I bhfianaise mhinicíocht na fógraíochta faoi alt 10A agus líon na bhfógraí atá i gceist, is díol suntais é a laghad gearán a fhaigheann OCT ina leith i gcomparáid le feidhmiú forálacha eile.

Mar sin féin, déanann OCT monatóireacht leanúnach ar a mhéad a chomhlíonann comhlachtaí poiblí Alt 10A, lena n-áirítear a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge, idir labhairt agus chlóg, cruinn i bhfógraí. Tugadh cásanna faoi deara inarbh ábhar imní é drochchaighdeán na Gaeilge i bhfógraí, cé acu ó bhéal nó i scríbhinn. Caithfidh na páirtithe leasmhara i gcruthú agus i bhfoilsíú na fógraíochta i nGaeilge freagracht a ghlacadh as a ról sa phróiseas dearbhaithe cáilíochta, agus a chinntiú go bhfuil an fhógraíocht i nGaeilge ar ardchaighdeán. Is cur amú acmhainní é ábhar fógraíochta atá míchruinn a chur faoi bhráid craoltóra lena chraoladh.

Is den mhórtábhacht é go mbeadh ábhar fógraíochta i nGaeilge cruinn agus ceart, agus go léireodh sé a mheáite atáthar ar ardchaighdeán teanga atá saor ó earráidí comhréire, gramadaí agus litrithe agus i gcás ábhar fise agus fuaime go dtugtar aird d'fhoghraíocht, d'áiceann agus do rithim shainiúil na Gaeilge. Is tábhachtaí fós é seo nuair a chuirtear san áireamh gur aistriúcháin ar leaganacha Béarla d'fhógraí is mó a d'fhéadfadh a bheith sna fógraí Gaeilge. Ach aird a thabhairt ar an gcruinneas, cosnaímid féiniúlacht na Gaeilge agus déanaimid deimhin de go spreagfaidh an chomhréir agus an fhoghraíocht idir chainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí. Is mó an seans go dtabharfaidh cainteoirí dúchais, ar chuid ríthábhachtach dár gcultúr iad, aird ar ábhar a léiríonn meas ar ár dteanga. Dá bhrí sin, agus an barr feabhais ina thosaíocht againn, ní hamháin go dtugaimid a ceart don teanga ach spreagaimid glúnta atá le teacht chun í a cheiliúradh agus a chothú.

Fardal na Meán Gaeilge

Forbairtí in Earnáil na Meán Gaeilge

Ceanglaítear le halt 10A go gcaithfidh comhlachtaí poiblí 5% ar a laghad dá mbuiséad fógraíochta gach bliain ar na meáin Ghaeilge. Foráiltear le halt 10A.(2)(b) gur gá 50% nó níos mó den ábhar ar mheán a bheith i nGaeilge chun an meán sin a áireamh ina meán Gaeilge.

D'fhonn cabhrú le comhlachtaí poiblí agus iad ag ullmhú do theacht i bhfeidhm na forála, d'fhoilsigh an Oifig liosta, nár liosta críochnaitheach é, de mheáin Ghaeilge a bhí ag teacht leis an sainmhíniú a fhoráiltear in alt 10A.(2)(b). Mheas OCT roinnt critéar eile a bheith riachtanach chun incháilitheacht d'fhardal na 'meán Gaeilge' a mheas, eadhon:

- Struchtúr eagarthóireachta na meán/na seirbhíse
- Struchtúr corparáideach na meán/na seirbhíse
- Ábhar/seánraí na meán/na seirbhíse, mar shampla: Nuacht/Cúrsaí Reatha, Siamsaíocht, Spórt, Taisteal, srl.
- Faisnéis faoi chúrsaíocht, sonraí úsáideoirí, liosta taighde lucht féachana/éisteachta na meán/seirbhíse
- Cineál an ábhair – e.g. róspleáchas ar ábhar statach

Chuir OCT an liosta, nach liosta críochnaitheach é, seo a leanas i dTábla 3, atá faoi réir a athraithe, chun críoch Alt 10A.(2)(b) ar fáil do chomhlachtaí poiblí.

Tábla 3

Meán	Soláthraí(-raithe)
Seirbhísí Teilifíse:	TG4
Seirbhísí Raidió:	RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Rí Rá
Preas	Comhar; Feasta; Seachtain; An Timire; An Páipéar*; ExtraG Gach Seachtain*; Scéal*
Lasmuigh den Bhaile	OOH Gaeilge*
Físeán ar Éileamh	TG4, i.e. Bloc.ie & Molscéal.ie Meoneile.ie; Tuairisc.ie, i.e. "Ar Fhaitíos Gur Chaill Tú É"
Fuaim ar Éileamh	Seachtain, i.e. Podchraoladh Seachtain*; How To Gael*; Tuairisc.ie, i.e. "An Pod Gaeilge"*; "An Pod Spórt"* & "Paiste Cainte le Helen"*
Ardáin/Taispeáintí Digiteacha	Tuairisc.ie; Nós.ie; Liathroidi.ie*; Lasair.ie*, ExtraG.ie*, An Páipéar.ie*,
Meáin Shóisialta	N/B
Pictiúrlanna	N/B

*Ardáin meán a bunaíodh ó thosach feidhme Alt 10A i mí Dheireadh Fómhair 2022

I measc na ndúshlán a chuir roinnt comhlachtaí poiblí in iúl do OCT maidir le géilliúlacht a bhaint amach sa chéad bhliain iniúchta (2023) bhí easpa fardail ó thaobh meán Gaeilge de. Ba é a bhí san easpa sin, i ndáiríre, an spás seilfe a bhí ar fáil ar a bhféadfad comhlachtaí poiblí spás fógraíochta a cheannach. Mar sin féin, tá ardáin nua meán tar éis a theacht chun cinn ó achtaíodh Alt 10A, ar ardáin ar líne den chuid is mó iad. Is é toradh na forbartha sin méadú suntasach ar infheictheacht na Gaeilge ar fud chainéil éagsúla na meán agus feabhas suntasach ar an bhfáil atá ar fhardail na fógraíochta Gaeilge. Is riléir tionchar dearfach na forála seo i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge, ar feidhm ríthábhachtach í, agus le cur le seirbhísí poiblí a sheachadadh ar phobal na Gaeilge. Díol suntais is ea an cinneadh a rinne RTÉ Raidió na Gaeltacht i dtosach 2024 glacadh le fógraíocht tráchtála, rud a chuir le fardal na meán Gaeilge atá ar fáil do chomhlachtaí poiblí.

Faire ar Ghéilliúlacht

Tá OCT ag faire go gníomhach ar a mhéad atá comhlachtaí poiblí géilliúil d'alt 10A. Is díol suntais agus dóchais é an méadú a tháinig ar leibhéal ghéilliúlachta d'alt 10A in 2024 i gcomparáid le 2023. Tá OCT meáite i gcónaí ar a chinntiú go dtuigeann gach comhlacht poiblí go hiomlán a n-oibleagáidí faoin rialachán seo agus go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí sin. Thuairiscigh OCT méadú 55% ar chásanna (593) in 2024, ar mhéadú ar 381 cás in 2023 é, inar tugadh comhairle do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 arna leasú; ba le halt 10A a bhain cuid shuntasach de na cásanna comhairle sin. Níl amhras ach go raibh an chomhairle a cuireadh ar fáil ríthábhachtach chun feabhsuithe ar an ngéilliúlacht d'Alt 10A a bhaint amach in 2024.

Leanfaidh OCT den fheachtas comhairliúcháin d'fhonn cuidiú le comhlachtaí poiblí maidir lena ngéilliúlacht d'Alt 10A.

Diagram A
Cornerstones of the National Plan

The key objective of the National Plan is to set out a clear pathway for increasing the number, and improving the standard, of public services in Irish.

The Irish Language Services Advisory Committee, which was established by the Minister for the Gaeltacht in June 2022, plays a vital role in the development of the Plan and the oversight of its implementation. The Government launched the first National Plan in October 2024.

New Language Standards

- The new Language Standards system will set out additional public services that public bodies will be obliged to provide in Irish.
- The Language Standards will also set out the level of proficiency in Irish that staff providing the services must have.
- Language Standards are prescribed by the Minister for the Gaeltacht.



20% Irish-Language Proficient Recruits

- Public bodies must ensure that one in every five staff members recruited between May 2022 – December 2030 are proficient in Irish.
- A systemic national strategy is essential to effectively coordinate and measure progress regarding the 20% provision.

New National Plan

National Infrastructure

- The current national infrastructure for delivering public services in Irish needs considerable improvement.
- Establishing regional campus hubs in the Gaeltacht and throughout the national language planning infrastructure must be considered to improve access to essential public services in Irish. Such hubs would help to concentrate public services in Irish, the number of public sector staff with competency in Irish delivering those services, while also responding to the increased demand for public services in Irish from the language community.



Irish-medium University Education Strategy

- There is an urgent need to develop a new national Irish-medium university education strategy to dramatically increase the number of graduates proficient in Irish that will be available to the public sector.



Workforce Planning

- Workforce planning that incorporates staff with proficiency in Irish must be embedded in the organisational planning of public bodies.
- The national workforce planning model, which is currently being implemented by public bodies under the guidance of the Department of Public Expenditure, NDP Delivery and Reform, should be used to this end.

Léaráid A Crainn Taca an Phlean Náisiúnta

Is é príomhchuspóir an Phlean Náisiúnta conair shoiléir a leagan amach chun líon agus caighdeán seirbhísí poiblí i nGaeilge, a mhéadú agus a fheabhsú.

Tá ról ríthábhachtach ag an gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge, a bhunaigh an tAire Gaeltachta i mí an Mheithimh 2022, i bhforbairt an Phlean agus maoirsiú a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm. Sheol an Rialtas an chéad Phlean Náisiúnta i Mí Dheireadh Fómhair 2024.

Caighdeáin Teanga Nua

- Is é córas nua na gCaighdeáin Teanga a leagfaidh amach cé na seirbhísí poiblí nua a chaithfidh comhlachtaí poiblí a sholáthar i nGaeilge.
- Leagfaidh na Caighdeáin Teanga amach freisin an leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a chaithfidh a bheith ag an bhfoireann a bheidh ag soláthar na seirbhíse thar ceann an chomhlachta phoiblí.
- Aire na Gaeltachta a leagfaidh síos na Caighdeáin Teanga nua a bhfuil ar chomhlachtaí poiblí cloí leo.



20% d'Earcaigh inniúil sa Ghaeilge

- Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go mbeidh inniúlacht sa Ghaeilge ag duine as gach cúigear ball foirne a earcaíonn siad idir Bealtaine 2022 – Nollaig 2030.
- Teastaíonn cur chuige córasach náisiúnta le comhordú agus tomhais a dhéanamh ar chur chun cinn na forála 20%.

An Plean Náisiúnta



Bonneagar Náisiúnta

- Ní mór an bonneagar náisiúnta do sheachadadh seirbhísí poiblí i nGaeilge a fheabhsú go mór.
- Caithfear breithniú a dhéanamh ar mhoil campais réigiúnacha a bhunú sa Ghaeltacht agus ar fud an bhonneagair náisiúnta pleanála teanga chun feabhas a chur ar rochtain ar chroíseirbhísí poiblí i nGaeilge. Chabhródh moil den sórt sin le dlús seirbhísí poiblí i nGaeilge a threisiú, dlús na foirne le Gaeilge san earnáil phoiblí a threisiú, agus ag an am céanna freastal ar éileamh méadaithe ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge ó phobal na teanga.



Pleanáil Fórsa Saothair le Gaeilge

- Caithfear pleanáil don fhórsa saothair atá inniúil sa Ghaeilge a neadú i bpleanáil eagraíochtúil na gcomhlachtaí poiblí.
- Ba chóir an tsamhail phleanála d'fhórsa saothair náisiúnta atá á feidhmiú cheana ag comhlachtaí poiblí faoi threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe a fheidhmiú chun na críche seo.

Straitéis Ollscolaíochta Ghaeilge

- Tá géar-riachtanas ann straitéis náisiúnta nua don Ollscolaíocht Ghaeilge a fhorbairt d'fhonn méadú as cuimse a chur ar líon na gcéimithe le Gaeilge a bheidh ar fáil don tseirbhís phoiblí.